
# <u>Gníomhaíocht Daltaí:</u> Codáin a léiriú ar Stiallacha Codáin


**Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Stiall Chodáin', ar CD an Dalta.**





1. Má sheasann 1 bhosca amháin do 1 aonad iomlán amháin, má sheasann 2 bhosca do 2 aonad iomlána agus má sheasann 3 bhosca do 3 aonad iomlána etc., léirigh na codáin seo a leanas ar na stiallacha codáin thíos:

a)


a. $\frac{5}{2}$





b. $\frac{3}{2}$





c. $\frac{15}{7}$




d. $2\frac{1}{6}$




e. $1\frac{1}{4}$



f. $\frac{7}{4}$

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

1 2 3 4

g. $3\frac{1}{5}$

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

1 2 3 4

h. $2\frac{2}{5}$

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

1 2 3 4

2. Má sheasann an dronuilleog seo ▭ do 1 chíste amháin, cén chaoi a léireofar $2\frac{1}{3}$ císte?

3. Má tá crannchur ann agus duais airgid, an ionann leath na duaise agus an tsuim chéanna airgid i gcónaí? Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

4. An bhfuil $2\frac{4}{5}$ císte níos mó ná nó níos lú ná $2\frac{5}{6}$ císte? Mínigh do fhreagra.

_______________________________________________________________________

_______________________________________________________________________

5. Seasann an léaráid thíos do $1\frac{3}{4}$ barra seacláide. Léirigh 1 bharra seacláide ar an léaráid.

| |
|---|
| |


6. Má sheasann an stiall seo do 3 chíste, agus má ithim $2\frac{2}{5}$ de na cístí, léirigh an méid de chíste a bheadh fágtha ar an léaráid seo.



7. Athshocraigh na huimhreacha seo $2\frac{1}{2}, 2\frac{1}{3}, 2\frac{1}{5}, 2\frac{2}{3}, 2\frac{2}{5}$ in ord méide, ag tosú leis an uimhir is lú.

____________________________________________________________

8. Má sheasann an stiall chodáin thíos do 4 aonad, céard é $\frac{1}{2}$ na stéille codáin seo?



9. Léigh Siún leabhar ina raibh 450 leathanach.
   a. Murar léigh Sam ach $\frac{1}{2}$ an leabhair, cé mhéad leathanach a léigh Sam?

   ________________________________________________________

   ________________________________________________________

   b. Léigh Sinéad $2\frac{1}{2}$ leabhar, agus iad ar aon mhéid le leabhar Shiún. Cé mhéad leathanach a léigh Sinéad?

   ________________________________________________________

   ________________________________________________________

10. Má sheasann an stiall chodáin ar fad thíos do 3 aonad, cén uimhir atá á léiriú sa chuid scáthaithe den stiall chodáin?

